Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2022/0298(COD)

11.1.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair
(COM(2022)0489 – C9-0321/2022 – 2022/0298(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Véronique Trillet-Lenoir

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....43

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....47

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist ag an obair
(COM(2022)0489 – C9-0321/2022 – 2022/0298(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0489),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le mír 1, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0321/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an xx.xx. 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an xx.xx. 2023 [2],,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C xxx, xx.xx.xxxx, lch. x./ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[2] IO C xxx, xx.xx.xxxx, lch. x./ Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is oibreán carcanaigineach an-chontúirteach í an aispeist, agus bíonn tionchar aici fós ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, amhail tógáil agus athchóiriú, mianadóireacht agus cairéalú, bainistiú dramhaíola agus comhrac dóiteáin, earnálacha lena mbaineann baol mór go nochtfar oibrithe. Aicmítear snáithíní aispeiste mar charcanaiginí 1A de réir Rialachán (CE) 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65]. Nuair a n-ionanálaítear snáithíní aispeiste aerbheirthe, is féidir leo a bheith ina gcúis le galair thromchúiseacha amhail méisitéilióma agus ailse scamhóg, agus d'fhéadfadh sé go dtógfadh na chéad chomharthaí den ghalar 30 bliain ar an meán chun iad a léiriú ó thráth an nochta, rud as a leanfaidh básanna a bhaineann leis an obair ar deireadh.	(3) Is oibreán carcanaigineach an-chontúirteach í an aispeist, agus bíonn tionchar aici fós ar earnálacha eacnamaíocha éagsúla, amhail tógáil agus athchóiriú, mianadóireacht agus cairéalú, bainistiú dramhaíola agus comhrac dóiteáin, earnálacha lena mbaineann baol mór go nochtfar oibrithe. Aicmítear snáithíní aispeiste mar charcanaiginí 1A de réir Rialachán (CE) 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[65] ***agus is iad go mór fada an mhórchúis le hailse a bhaineann leis an obair, agus 78 % d'ailsí ceirde ann a aithnítear sna Ballstáit mar ailsí a bhaineann le haispeist***. Nuair a n-ionanálaítear snáithíní aispeiste aerbheirthe, is féidir leo a bheith ina gcúis le galair thromchúiseacha amhail méisitéilióma agus ailse scamhóg, agus d'fhéadfadh sé go dtógfadh na chéad chomharthaí den ghalar 30 bliain ar an meán chun iad a léiriú ó thráth an nochta, rud as a leanfaidh básanna a bhaineann leis an obair ar deireadh.
[65] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).	[65] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) I bhfianaise na bhforbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha nua sa réimse, tá scóip ann feabhas a chur ar chosaint oibrithe a nochtar don aispeist agus, ar an gcaoi sin, an dóchúlacht go dtolgfaidh oibrithe galair a bhaineann le haispeist a laghdú. I gcás aispeiste, ar carcanaigin neamhthairsí í, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha sláinte mar thoradh ar nochtadh faoina mbun. Ina ionad sin, is féidir gaol idir nochtadh agus riosca (ERR) a dhíorthú, lena n-éascaítear socrú teorann nochta ceirde ('OEL') ***trí leibhéal inghlactha riosca barrachais a chur san áireamh***. Mar thoradh air sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an OEL le haghaidh aispeiste chun an riosca a laghdú trí leibhéil nochta a ísliú.	(4) I bhfianaise na bhforbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha nua sa réimse, tá scóip ann feabhas a chur ar chosaint oibrithe a nochtar don aispeist agus, ar an gcaoi sin, an dóchúlacht go dtolgfaidh oibrithe galair a bhaineann le haispeist a laghdú. I gcás aispeiste, ar carcanaigin neamhthairsí í, ní féidir, ó thaobh na heolaíochta de, leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha sláinte mar thoradh ar nochtadh faoina mbun. Ina ionad sin, is féidir gaol idir nochtadh agus riosca (ERR) a dhíorthú, lena n-éascaítear socrú teorann nochta ceirde ('OEL'). Mar thoradh air sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an OEL le haghaidh aispeiste chun an riosca a laghdú trí leibhéil nochta a ísliú.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainnluach le haghaidh aispeiste a leagtar amach i dTreoir 2009/148/CE i bhfianaise mheastóireachtaí an Choimisiúin agus na fianaise eolaíche agus na sonraí teicniúla is déanaí. ***Is bealach éifeachtach é an t-athbhreithniú ar an teorainnluach sin freisin chun a áirithiú go ndéanfar*** bearta coisctheacha agus cosantacha a ***thabhairt cothrom le dáta dá***	(7) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainnluach le haghaidh aispeiste a leagtar amach i dTreoir 2009/148/CE i bhfianaise mheastóireachtaí an Choimisiúin agus na fianaise eolaíche agus na sonraí teicniúla is déanaí. ***Tá gá le*** bearta coisctheacha agus cosantacha ***neartaithe chun an t-athbhreithniú sin ar an teorainnluach*** a ***chur chun feidhme*** i ngach Ballstát.

réir sin i ngach Ballstát.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart bearta coisctheacha agus cosantacha a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeifear in ann an teorainn athbhreithnithe maidir le nochtadh ceirde a chur chun feidhme.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Agus aird á tabhairt ar an saineolas eolaíoch ábhartha agus ar chur chuige cothrom lena n-áiritheofar, an tráth céanna, cosaint leordhóthanach d'oibrithe ar leibhéal an Aontais agus lena seachnófar míbhuntáistí agus ualaí eacnamaíocha díréireacha ar na hoibreoirí eacnamaíocha a ndéantar difear dóibh (lena n-áirítear FBManna), ba cheart OEL athbhreithnithe a bhunú atá cothrom le 0.01 snáithín/cm^3 mar mheán am-ualaithe (TWA) 8 n-uaire an chloig. Tá cuspóir sláinte poiblí mar bhonn taca leis an gcur chuige cothrom sin, cuspóir arb é is aidhm dó an aispeist a bhaint go sábháilte. Cuireadh san áireamh freisin OEL a mholadh lena gcuirtear cúinsí eacnamaíocha agus teicniúla san áireamh chun gur féidir baint éifeachtach a dhéanamh.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Is réamhriachtanas é aghaidh a thabhairt ar an modheolaíocht sula dtabharfar aghaidh ar an teorainnluach. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an gcuid seo tar éis aithris 11.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Is í an mhicreascópacht optúil, cé nach féidir na snáithíní is lú atá díobhálach don tsláinte a chomhaireamh léi, an modh is mó a úsáidtear faoi láthair chun an aispeist a thomhas go rialta. ***Ós rud é gur féidir OEL atá cothrom le 0.01 f/cm³ a thomhas le micreascóp paschodarsnachta (PCM), níl aon idirthréimhse ag teastáil chun an OEL athbhreithnithe a chur chun feidhme.*** I gcomhréir leis an tuairim ó ACSH, ba cheart úsáid a bhaint as modheolaíocht níos nua-aimseartha agus níos íogaire atá bunaithe ar mhicreascópacht leictreoin, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le tréimhse leordhóthanach oiriúnaithe agus le ***tuilleadh comhchuibhithe ar mhodheolaíochtaí micreascópachta leictreoin ar leibhéal*** an Aontais.	(11) Is í an mhicreascópacht optúil, cé nach féidir na snáithíní is lú atá díobhálach don tsláinte a chomhaireamh léi, an modh is mó a úsáidtear faoi láthair chun an aispeist a thomhas go rialta. I gcomhréir leis an tuairim ó ACSH, ba cheart úsáid a bhaint as modheolaíocht níos nua-aimseartha agus níos íogaire atá bunaithe ar mhicreascópacht leictreoin, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le tréimhse leordhóthanach oiriúnaithe***. Ós rud é gur carcanaigineach iad snáithíní aispeiste níos tanaí (<0,2 µm) freisin, ba cheart na snáithíní sin a chur san áireamh*** agus ***nochtadh san áit oibre á thomhas. Ba cheart micreascópacht leictreoin tarchurtha, lenar féidir snáithíní aispeiste níos tanaí nó ardmhodhanna comhchosúla den sórt sin a bhrath, a úsáid chun na críche sin. Ionas go mbeidh dóthain ama ann an ceanglas nua a chomhlíonadh, ba cheart tréimhse trasuí 3 bliana a chur ar fáil.*** Le ***linn na tréimhse trasuí sin, is féidir leis na Ballstáit leanúint de chomhaireamh na snáithíní trí mhicreascópacht paschodarsnachta a dhéanamh. Ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit agus*** an ***bealach a réiteach dóibh a mhéid a bhaineann leis an aistriú chuig an modheolaíocht nua chun snáithíní aispeiste a thomhas, go háirithe trí threoirlínte a fhorbairt agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le cistí ábhartha de chuid an*** Aontais ***is féidir a úsáid chun na críche sin***.

Or. en

Réasúnú

Faoi láthair úsáidtear dhá chineál Micreascópachta Leictreoin sna Ballstáit: Micreascópacht

Leictreoin Scanála (SEM) agus Micreascópacht Leictreon Tarchurtha (TEM). Tá íosteorainn infheictheachta de thart ar 0.2 µm ag SEM traidisiúnta. Tá íosteorainn infheictheachta de thart ar 0.01 µm ag TEM. Ós rud é gur carcanaigineach iad snáithíní aispeiste níos tanaí (<0.2 µm) freisin (agus é léirithe go bhféadfadh an neart dul i méid de réir mar a théann an leithead i laghad), moltar tús áite a thabhairt do chur chuige eolaíochtbhunaithe agus, dá bhrí sin, an mhodheolaíocht (TEM) a roghnú lena bhféadfar na snáithíní sin a chomhaireamh.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Agus an saineolas eolaíoch ábhartha, an gá atá le cosaint oibrithe ar leibhéal an Aontais a mhéadú, cuspóir sláinte poiblí arb é is aidhm leis aispeist a bhaint, agus breithnithe teicniúla maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh á gcur san áireamh, ba cheart OEL athbhreithnithe a bhunú atá cothrom le 0,01 snáithín/cm^3 mar mheán am-ualaithe 8 n-uaire an chloig mar chéad chéim iomchuí chun na rioscaí a bhaineann le nochtadh d'aispeist a laghdú. Mar gheall ar an rabharta athchóirithe leanúnach ó thaobh foirgneamh de, tá sé tábhachtach an OEL athbhreithnithe sin a chur chun feidhme a luaithe is féidir agus níor cheart feidhm a bheith ag aon idirthréimhse dá bhrí sin. Ós rud é go bhféadfaí snáithíní aispeiste níos tanaí a bhrath le micreascópacht leictreoin tarchurtha, táthar ag dréim leis go n-áiritheofar cosaint níos fearr d'oibrithe ar nochtadh d'aispeist leis an OEL athbhreithnithe, in éineacht leis an modheolaíocht nua. I gcomhréir le cur chuige fís-nialasach chreat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, tá gá le hiarracht leanúnach chun nochtadh don charcanaigin láidir neamhthairsí sin a laghdú. Faoi ... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], bunaithe ar

an taithí a fuarthas, ar fhianaise eolaíoch atá cothrom le dáta agus ar shonraí teicniúla, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a indéanta atá sé an teorainn nochta le haghaidh aispeiste a laghdú tuilleadh, agus sprioc OEL de 0,001 snáithín/cm³ á cur san áireamh.

Or. en

Réasúnú

Tá comhlachtaí rialála a d'úsáid fachtóirí coinbhéartachta tar éis úsáid a bhaint as fachtóirí idir 2 agus 4 idir PCM agus EM, rud a chuireann srian le comhaireamh EM do shnáithíní atá inbhraite le PCM. De réir staidéir a rinneadh le déanaí (INRS, 2018), bhí meánchóimheas de 15 ann mar thoradh ar shnáithíní tanaí nárbh fhéidir a bhrath le PCM a áireamh. Moltar cur chuige céim ar chéim. An chéad chéim: OEL a ísliú gan aistriú, go dtí leibhéal atá intomhaiste fós le PCM. An dara céim: bheadh comhaireamh níos cruinne mar thoradh ar thabhairt isteach TEM, agus dá bhrí sin neartófaí an chosaint. An tríú céim: athbhreithniú ar an reachtaíocht chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11b) Ba cheart an tsampláil aispeiste a bheith ionadaíoch ar nochtadh pearsanta an oibrí d'aispeist. Dá bhrí sin, ba cheart samplaí a thógáil go tráthrialta le linn céimeanna oibríochtúla sonracha i gcásanna ionadaíocha agus réadúla ina nochtar oibrithe do dheannach aispeiste. Mura féidir leis an tsampláil a bheith ionadaíoch ar nochtadh pearsanta an oibrí d'aispeist, ba cheart gach beart cosanta iomchuí a chur i bhfeidhm;

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Tá gá le bearta rialaithe speisialta agus réamhchúraimí speisialta ***d'***oibrithe a ***nochtar don aispeist nó ar dócha go nochtfar iad don aispeist, amhail oibrithe a*** chur faoi réir nós imeachta dí-éillithe agus ***oiliúint ghaolmhar,*** chun rannchuidiú go suntasach leis na rioscaí a bhaineann le nochtadh den sórt sin a laghdú.	(13) Tá gá le bearta rialaithe speisialta agus réamhchúraimí speisialta ***chun tiúchan snáithíní aispeiste san aer a ísliú go dtí leibhéal chomh híseal agus is féidir go teicniúil faoi bhun an teorainnluacha. Is gnéithe tábhachtacha iad*** oibrithe a chur faoi réir nós imeachta dí-éillithe agus ***na ceanglais oiliúna ghaolmhara a neartú*** chun rannchuidiú go suntasach leis na rioscaí a bhaineann le nochtadh den sórt sin a laghdú. ***Chun machaire comhréidh a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir le híoscheanglais oiliúna, lena n-áirítear ceanglais shonracha d'oibrithe i ngnóthais speisialaithe bainte aispeiste.***

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Tá an córas fógartha tábhachtach chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta maoirseacht a dhéanamh ar oibreacha a bhféadfaí baint d'aispeist lena linn. Ba cheart na gnéithe breise seo a leanas a bheith san fhaisnéis chun an t-údarás inniúil náisiúnta a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr: na réimsí ina ndéanfar an obair, an trealamh a úsáidtear chun oibrithe a chosaint agus a dhí-éilliú, agus plean maidir le diúscairt dramhaíola. Leis an bhfaisnéis bhreise sin, d'fhéadfaí, i gcás inarb iomchuí, idirghabháil an údaráis inniúil náisiúnta

a áirithiú chun cosaint na ndaoine lena mbaineann a áirithiú.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart d'fhostóirí gach beart is gá a dhéanamh chun ábhair a dtoimhdítear go bhfuil aispeist iontu a shainaithint, ***más iomchuí*** trí fhaisnéis a fháil ó úinéirí an áitribh chomh maith le foinsí eile faisnéise, lena n-áirítear cláir ábhartha. Ba cheart ***dóibh*** taifead a dhéanamh, sula gcuirfear tús le haon tionscadal bainte aispeiste, ***gurb ann don*** aispeist nó go ***síltear gurb ann don*** aispeist i ***bhfoirgnimh nó i suiteálacha*** agus an fhaisnéis sin a chur in iúl do dhaoine eile a d'fhéadfadh a bheith ***nochta don*** aispeist mar thoradh ar a húsáid, ar ***chothabháil*** nó ar ghníomhaíochtaí eile ***i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh***.	(15) Ba cheart d'fhostóirí gach beart is gá a dhéanamh chun ábhair a dtoimhdítear go bhfuil aispeist iontu a shainaithint, trí fhaisnéis a fháil ó úinéirí an áitribh chomh maith le foinsí eile faisnéise, lena n-áirítear cláir ábhartha. ***Má bhíonn easpa faisnéise den sórt sin ann,*** ba cheart ***d'oibreoir deimhnithe scagadh aispeiste a dhéanamh. Ba cheart don oibreoir sin*** taifead a dhéanamh, sula gcuirfear tús le haon tionscadal bainte aispeiste, ***scartáil nó athchóiriú, d'fhaisnéis i dtaobh an ann d'***aispeist nó ***an dtoimhdítear gur ann d'aispeist ar dócha*** go ***gcuirfear isteach uirthi le linn na n-oibreacha i bhfoirgnimh, longa, aerárthaí nó suiteálacha eile a tógadh sular tháinig an toirmeasc náisiúnta ar*** aispeist i ***bhfeidhm*** agus ***ba cheart dó*** an fhaisnéis sin a chur in iúl do dhaoine eile a d'fhéadfadh a bheith ***neamhchosanta ar*** aispeist mar thoradh ar a húsáid, ar ***a cothabháil*** nó ar ghníomhaíochtaí eile.

Or. en

Réasúnú

Is díol sásaimh é an tionscnamh reachtach a fógraíodh maidir le scagadh agus clárú éigeantach aispeiste san fhoirgneamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé am an aispeist a chlárú agus is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le scagadh aispeiste i gcás easpa faisnéise, rud a mbeadh súil leis nach mbeadh sé riachtanach nuair a chuirfear an reachtaíocht nua chun feidhme. I gcás ar bith, níor cheart scagadh aispeiste a bheith teoranta d'fhoirgnimh, i bhfianaise úsáid fhorleathan na haispeiste i gcineálacha eile bonneagar.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) Ba cheart go mbeadh sé mar thosaíocht ábhair ina bhfuil aispeist a bhaint agus a dhiúscairt ar bhealach sábháilte, toisc nach ndéantar ach an bhaint a chur siar le deisiú, cothabháil, imchochlú nó séalú, rud ar féidir leis na rioscaí d'áitritheoirí agus d'oibrithe a bhuanú ar feadh na mblianta. Ba cheart toirmeasc a chur ar imchochlú agus séalú ábhar ina bhfuil aispeist, ar ábhair iad is féidir a bhaint go teicniúil, ach gan teaghlaigh níos boichte a chur faoi mhíbhuntáiste toisc nach bhfuil sé d'acmhainn acu athchóirithe riachtanacha a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá gá le bearta tionlacain iomchuí. I ndáil leis sin, cuireann an tAontas cistiú suntasach ar fáil, go háirithe tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, atá le húsáid chun tacú le bearta náisiúnta chun aispeist a bhaint i gcomhthéacs athchóirithe. I gcás nach mbaintear aispeist, ba cheart na struchtúir ábhartha a shainaithint agus a chlárú, agus faireachán rialta a dhéanamh orthu.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15b) Is gá tacaíocht riaracháin leordhóthanach agus spriocdhírithe a

chur ar fáil chun cabhrú le fostóirí, go háirithe micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, an Treoir seo a chur chun feidhme. Go háirithe, chabhródh próisis chaighdeánaithe chun ábhair ina bhfuil aispeist a bhaint le laghdú a dhéanamh ar leibhéil deannaigh aispeiste agus ar chostas na n-oibríochtaí sin agus d'éascófaí comhlíonadh na gceanglas maidir le fógra a thabhairt.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15c) Ba cheart Treoir 2009/148/CE a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun an t-eolas eolaíoch agus na forbairtí teicniúla is déanaí a chur san áireamh, lena n-áirítear meastóireacht ar chineálacha éagsúla snáithíní aispeiste agus ar a n-éifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte. Ba cheart don Choimisiún tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin chun na forálacha maidir le sileacáití snáithíneacha a thabhairt cothrom le dáta agus, sa chomhthéacs sin, ba cheart dó measúnú a dhéanamh go háirithe i dtaobh ar cheart ríbicít, vinsít, rictirít, fluara-éidinít nó éiriainít a áireamh faoi raon feidhme na Treorach sin.

Or. en

Réasúnú

Leis an athrú ar an modheolaíocht ó PCM go TEM, beifear in ann idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha snáithíní, rud a fhágann gur féidir tús a chur leis an measúnú ar an ngá atá le raon feidhme na Treorach seo a leathnú chuig sileacáití snáithíneacha eile, i gcás inarb iomchuí.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15d) Chun coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochta, ba cheart don Choimisiún, faoin...[5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis theicneolaíoch agus eolaíoch atá ann maidir le teicneolaíocht lenar féidir aispeist a shainaithint agus a thomhas agus rabhadh a thabhairt ina leith agus ba cheart dó, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, treoirlínte a eisiúint i gcás ina mbeidh teicneolaíocht nua le húsáid chun oibrithe a chosaint ar nochtadh d'aispeist. Ba cheart malartú dea-chleachtas níos córasaí idir na Ballstáit a bhunú freisin chun na críche sin.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15e) Chun tacú le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar le ACSH, treoirlínte a fhorbairt. Ba cheart freagairtí earnáilsonracha a bheith san áireamh sna treoirlínte sin, i gcás inarb iomchuí.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 3 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. ***Ar choinníoll go bhfuil nochtadh oibrithe treallach*** agus ***ar dhéine íseal, agus más rud é gur léir ó thorthaí an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear*** i ***mír 2 nach ndéanfar an teorainn nochta le haghaidh aispeiste a shárú in aer an limistéir oibre, féadfar Airteagail 4, 18 agus 19 a tharscaoileadh i*** gcás ***ina bhfuil baint ag an méid seo a leanas leis an obair:***	***'***3. ***I gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht*** agus ***Sláinte ag an Obair, forbróidh an Coimisiún treoirlínte lena soláthrófar,*** i gcás ***inarb iomchuí, faisnéis phraiticiúil earnáilsonrach maidir le cur chun feidhme na Treorach seo.'***
(a) gníomhaíochtaí gearra, neamhleanúnacha cothabhála nach mbíonn ach ábhair neamhbhriosca á láimhseáil iontu;	
(b) baint gan mheath a theacht ar ábhair neamh-dhíghrádaithe ina bhfuil na snáithíní aispeiste nasctha go docht i maitrís;	
(c) imchochlú nó séalú ábhar ina bhfuil aispeist agus a bhfuil dea-bhail orthu;	
(d) faireachán agus rialú ar aer, agus bailiú samplaí chun a shuí an bhfuil aispeist in ábhar ar leith.	

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 3 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Níl hionann cur chuige eolaíochtbhunaithe agus úsáid a bhaint as coincheap 'an nochta fhánaigh agus ísealdéine' do charcanaigin neamhthairsí amhail aispeist, a bhféadfadh roinnt oibrithe a bheith nochta thar thréimhse fhada ama di, chun údar a thabhairt le tarscaoileadh roinnt de cheanglais na treorach seo, ar ceanglais iad ar cheart feidhm a bheith acu maidir le gach gníomhaíocht ina nochtar oibrithe nó ina bhféadfadh siad a bheith nochta do

dheannach a eascraíonn as aispeist. Chun cur chun feidhme na treorach sna hearnálacha éagsúla a éascú, moltar tagairt a dhéanamh do na treoirlínte atá beartaithe ag an gCoimisiún a ullmhú i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta in ionad mhír 3.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) In Airteagal 3, scriostar mír 4.

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 3 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Níl hionann cur chuige eolaíochtbhunaithe agus úsáid a bhaint as coincheap 'an nochta fhánaigh agus ísealdéine' do charcanaigin neamhthairsí amhail aispeist, a bhféadfadh roinnt oibrithe a bheith nochta thar thréimhse fhada ama di, chun údar a thabhairt le tarscaoileadh roinnt de cheanglais na treorach seo, ar ceanglais iad ar cheart feidhm a bheith acu maidir le gach gníomhaíocht ina nochtar oibrithe nó ina bhféadfadh siad a bheith nochta do dheannach a eascraíonn as aispeist. Chun cur chun feidhme na treorach sna hearnálacha éagsúla a éascú, moltar tagairt a dhéanamh do na treoirlínte atá beartaithe ag an gCoimisiún a ullmhú i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta in ionad mhír 3.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2c) In Airteagal 4(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Ní mór ar a laghad tuairisc ghairid ar an méid seo a leanas ***a bheith*** ar áireamh san fhógra:	***'Beidh*** ar a laghad tuairisc ghairid ar an méid seo a leanas ar áireamh san fhógra:
(a) suíomh an láithreáin oibre;	(a) suíomh an láithreáin oibre ***agus na***

	limistéir shonracha ina ndéanfar an obair;
(b) cineál agus cainníochtaí na haispeiste a úsáidtear agus a láimhseáiltear;	(b) cineál agus cainníochtaí na haispeiste a úsáidtear agus a láimhseáiltear;
(c) na gníomhaíochtaí agus na próisis atá i gceist;	(c) na gníomhaíochtaí agus na próisis atá i gceist;
(d) líon ***na n-oibrithe*** atá i gceist;	(d) ***an*** líon ***oibrithe*** atá i gceist***, liosta de na hoibrithe ar dócha go sannfar don láithreán oibre iad, na deimhnithe aonair lena gcruthaítear a n-inniúlacht agus an oiliúint a fuarthas, agus dátaí na gcuairteanna éigeantacha leighis***;
(e) dáta tosaithe agus ré na hoibre;	(e) dáta tosaithe agus ré na hoibre ***agus na huaireanta oibre atá beartaithe***;
(f) bearta atá le déanamh chun nochtadh na n-oibrithe d'aispeist a theorannú***.***	(f) bearta atá le déanamh chun nochtadh na n-oibrithe d'aispeist a theorannú***;***
	(fa) saintréithe an trealaimh a úsáidtear chun oibrithe a chosaint agus a dhí-éilliú;
	(fb) an nós imeachta chun oibrithe agus trealamh a dhí-éilliú, réanna agus uaireanta oibre;
	(fc) saintréithe an trealaimh a úsáidtear chun dramhaíl a dhiúscairt;
	(fd) cothromaíocht aerálach shealadach le haghaidh obair a dhéantar faoi ghaibhniú;
	(fe) plean le haghaidh diúscairt dramhaíola atá sábháilte agus inbhuanaithe, lena n-áirítear maidir le ceann scríbe dramhaíola a bhfuil aispeist inti.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 4(3) de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Tá an córas fógartha tábhachtach chun go bhféadfar maoirseacht a dhéanamh ar an obair a dhéanann an t-údarás inniúil náisiúnta. Ba cheart gnéithe breise a áireamh san fhaisnéis chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr agus, i gcás inarb iomchuí, idirghabháil an údaráis inniúil náisiúnta a chumasú chun cosaint na ndaoine lena mbaineann

a áirithiú.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 d (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 4 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2d) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 4(3):
	'Coinneoidh údarás freagrach an Bhallstáit fógraí ar feadh 40 bliain ar a laghad, i gcomhréir leis an dlí agus cleachtas náisiúnta.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 4(3) de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Tá an córas fógartha tábhachtach chun go bhféadfar maoirseacht a dhéanamh ar an obair a dhéanann an t-údarás inniúil náisiúnta. Ba cheart gnéithe breise a áireamh san fhaisnéis chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr agus, i gcás inarb iomchuí, idirghabháil an údaráis inniúil náisiúnta a chumasú chun cosaint na ndaoine lena mbaineann a áirithiú.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 e (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2e) In Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'Déanfar ábhair ina bhfuil aispeist agus atá in úsáid cheana féin a bhaint agus a dhiúscairt go sábháilte nuair atá sé sin indéanta go teicniúil. Ní dhéanfar iad a

shéalú ná a chlúdach. Déanfar ábhair ina bhfuil aispeist nach mbaintear a shainaithint agus a chlárú, agus déanfar faireachán rialta a orthu.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 5 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

I gcomhréir leis an uaillmhian todhchaí atá saor ó aispeist a bhaint amach, ba cheart go mbeadh sé mar thosaíocht ábhair ina bhfuil aispeist a bhaint agus a dhiúscairt ar bhealach sábháilte, toisc nach ndéantar ach an bhaint a chur siar le himchochlú nó séalú, rud a bhuanaíonn na rioscaí d'áitritheoirí agus d'oibrithe níos déanaí.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***dearfar*** próisis oibre ***sa chaoi*** nach ***dtáirgfear*** deannach aispeiste nó, má léirítear nach féidir déanamh amhlaidh, ***ionas nach scaoilfear deannach*** aispeiste san aer***;***	(b) ***déanfar*** próisis oibre ***a cheapadh ionas*** nach ***nginfidh siad*** deannach aispeiste nó, má léirítear nach féidir déanamh amhlaidh, ***chun scaoileadh deannaigh*** aispeiste san aer ***a sheachaint, trí na bearta seo a leanas ar a laghad a chur chun feidhme:*** ***(i) sochtadh deannaigh aispeiste;*** ***(ii) sú deannaigh aispeiste ag an bhfoinse;*** ***(iii) dríodrú leanúnach snáithíní aispeiste atá ar fuaidreamh san aer;*** ***(iv) dí-éilliú iomchuí;***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 6, fomhír (b), de Threoir 2009/148/CE)

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) i gcás na hoibre a dhéantar faoi ghaibhniú, cosnófar an limistéar oibre trí na bearta seo a leanas ar a laghad a chur chun feidhme:
	(i) íosdifríocht brú a shocrú ag lúide 10;
	(ii) aer athsholáthair glan a sholáthar ó phointe níos faide ar shiúl;
	(iii) feidhmíocht aonad brú diúltach agus feidhmíocht folús iniompartha na gcóras aerála sceite áitiúil a sheiceáil i ndiaidh scagaire HEPA a athrú agus sula gcuirtear tús le haispeist a bhaint, nó uair sa bhliain ar a laghad, trí éifeachtúlachtaí bainte na scagairí a bhfuil cuntar cáithnín dírléimh acu a thomhas.

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 6 de Threoir 2009/148/CE)

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 7 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(3a) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Ag brath ar thorthaí an mheasúnaithe riosca tosaigh, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar an teorainnluach a leagtar síos in ***Airteagal 8***, déanfar snáithíní aispeiste atá san aer san áit oibre a	**‘**1. Ag brath ar thorthaí an mheasúnaithe riosca tosaigh, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar an teorainnluach a leagtar síos in ***Airteagal 8***, déanfar snáithíní aispeiste atá san aer san áit oibre a

thomhas go rialta.	thomhas go rialta ***le linn na gcéimeanna oibríochta sonracha agus go tráthrialta le linn an phróisis oibre***.***'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 7(1) de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Ní mór don tsampláil a bheith ionadaíoch ar nochtadh pearsanta iarbhír an oibrí, rud a chiallaíonn nach mór samplaí a thógáil i gcásanna ionadaíocha réadúla maidir le nochtadh oibrithe do dheannach aispeiste trí thomhas a dhéanamh ag eatraimh rialta le linn na gcéimeanna sonracha oibríochtúla.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 7 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(3b) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. Ní mór don tsampláil a bheith ionadaíoch ar nochtadh pearsanta an oibrí do dheannach a eascraíonn as aispeist nó as ábhair a bhfuil aispeist iontu.	***'***2. Ní mór don tsampláil a bheith ionadaíoch ar nochtadh pearsanta ***iarbhír*** an oibrí do dheannach a eascraíonn as aispeist nó as ábhair a bhfuil aispeist iontu.***'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 7(2) de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Ní mór don tsampláil a bheith ionadaíoch ar fhíornochtadh pearsanta an oibrí, rud a chiallaíonn nach mór samplaí a thógáil i gcásanna ionadaíocha réadúla maidir le nochtadh oibrithe do dheannach aispeiste trí thomhas a dhéanamh ag eatraimh rialta le linn na gcéimeanna sonracha oibríochtúla;

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 c (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 7 – mír 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(3c) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
5. ***Ní mór*** ré na samplála ***a bheith*** ar méid a fhágann gur féidir nochtadh ionadaíoch a shuíomh le haghaidh ***tréimhse tagartha 8 n-uair an chloig (seal*** oibre ***amháin) trí thomhais nó trí ríomhanna atá ualaithe ó thaobh ama***.	***'***5. ***Beidh*** ré na samplála ar méid a fhágann gur féidir nochtadh ionadaíoch a shuíomh le haghaidh ***na n-oibríochtaí uile le linn na gcéimeanna éagsúla uile a dhéantar le linn an phróisis*** oibre.***'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 7(5) de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Ní mór don tsampláil a bheith ionadaíoch ar fhíornochtadh pearsanta an oibrí, rud a chiallaíonn nach mór samplaí a thógáil i gcásanna ionadaíocha réadúla maidir le nochtadh oibrithe do dheannach aispeiste trí thomhas a dhéanamh ag eatraimh rialta le linn na gcéimeanna sonracha oibríochtúla;

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 7 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
'Déanfar comhaireamh na snáithíní trí ***mhicreascóp paschodarsnachta (PCM) i gcomhréir leis an modh a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) in 1997* nó, i gcás inar féidir,*** trí mhodh ar bith eile lena dtugtar torthaí coibhéiseacha nó torthaí níos fearr***, amhail modh atá bunaithe ar mhicreascópacht leictreoin (EM)***.	Déanfar comhaireamh na snáithíní trí ***mhicreascópacht leictreoin tarchurtha nó*** trí mhodh ar bith eile lena dtugtar torthaí coibhéiseacha nó torthaí níos fearr.

	Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta maidir le comhaireamh snáithíní dá dtagraítear san Airteagal seo, tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit trí threoir theicniúil iomchuí a chur ar fáil, lena n-áirítear maidir leis an aistriú teicniúil ó mhicreascópacht phaschodarsnachta go micreascópacht leictreoin tarchurtha, mar aon le faisnéis faoi chistí ábhartha de chuid an Aontais is féidir a úsáid chun tacú leis an aistriú sin.
* Tiúchan snáithíní aerbheirthe a chinneadh. Modh molta, trí mhicreascópacht optúil phaschodarsnachta (modh scagaire scannáin), EDS, an Ghinéiv 1997 (ISBN 92 4 154496 1).';	* Tiúchan snáithíní aerbheirthe a chinneadh. Modh molta, trí mhicreascópacht optúil phaschodarsnachta (modh scagaire scannáin), EDS, an Ghinéiv 1997 (ISBN 92 4 154496 1).';

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 7(6) de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Ós rud é gur carcanaigineach iad snáithíní aispeiste atá níos tanaí ná 0.2 µm freisin (agus é léirithe go bhféadfadh an neart dul i méid de réir mar a théann an leithead i laghad), moltar tús áite a thabhairt do chur chuige eolaíochtbhunaithe agus, dá bhrí sin, Micreascópacht Leictreoin Tarchurtha a roghnú, arb ionann í agus an mhodheolaíocht atá in úsáid cheana lenar féidir na snáithíní sin a chomhaireamh.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 10 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(5a) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. I gcás ina sáraítear an teorainnluach a leagtar síos in Airteagal 8, ***ní mór*** na cúiseanna leis an ***teorainn*** a bheith sáraithe a shainaithint agus ní mór bearta iomchuí a dhéanamh a luaithe is féidir chun an staid a	**'**1. I gcás ina sáraítear an teorainnluach a leagtar síos in Airteagal 8 ***nó más amhlaidh go bhfuil cúis ann lena chreidiúint gur suaitheadh ábhair ina bhfuil aispeist nach sainaithnítear roimh***

leigheas.	***an obair agus***, ***dá bhrí sin, go bhfuil deannach á ghiniúint acu, cuirfear stop leis an obair láithreach. Déanfar*** na cúiseanna leis an ***teorann*** a bheith sáraithe a shainaithint agus ní mór bearta iomchuí a dhéanamh a luaithe is féidir chun an staid a leigheas.
Ní ***fhéadfar leanúint*** den obair sa limistéar ina ndearnadh an sárú go dtí go ndéanfar bearta leormhaithe chun na hoibrithe lena mbaineann a chosaint.	Ní ***leanfar*** den obair sa limistéar ina ndearnadh an sárú go dtí go ndéanfar bearta leormhaithe chun na hoibrithe lena mbaineann a chosaint.***'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 10(1) de Threoir 2009/148/CE)

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sula gcuirfear tús le scartáil ***nó*** obair chothabhála, déanfaidh fostóirí, ***más iomchuí,*** trí fhaisnéis a fháil ó úinéirí an áitribh agus ó fhoinsí eile faisnéise, lena n-áirítear cláir ábhartha, gach beart is gá chun ábhair a dtoimhdítear go bhfuil aispeist iontu a shainaithint.	Sula gcuirfear tús le scartáil***,*** obair chothabhála ***nó oibreacha athchóirithe ar áitribh a tógadh roimh an mbliain ar tháinig an toirmeasc náisiúnta ar aispeist i bhfeidhm***, déanfaidh fostóirí, trí fhaisnéis a fháil ó úinéirí an áitribh agus ó fhoinsí eile faisnéise, lena n-áirítear cláir ábhartha, gach beart is gá chun ábhair a dtoimhdítear go bhfuil aispeist iontu a shainaithint.

Or. en

Réasúnú

Is díol sásaimh é an tionscnamh reachtach a fógraíodh maidir le scagadh agus clárú éigeantach aispeiste i bhfoirgnimh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé am an aispeist a chlárú agus is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le scagadh aispeiste i gcás easpa faisnéise, rud a mbeadh súil leis nach mbeadh sé riachtanach nuair a chuirfear an reachtaíocht nua chun feidhme.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	In éagmais faisnéis ábhartha a bheithar fáil nó mura bhfuil an fhaisnéis mionsonraithe don obair atá beartaithe, déanfaidh an duine nó an comhlacht a ordaíonn an obair scagadh a choimisiúnú chun na hábhair ina bhfuil aispeist agus ar dócha go ndéanfaidh an obair difear dóibh a shainaithint. Is oibreoir deimhnithe a dhéanfaidh an scagadh agus cuirfear an toradh in iúl don fhostóir sula bhféadfar tús a chur leis na hoibreacha.

Or. en

Réasúnú

Is díol sásaimh é an tionscnamh reachtach a fógraíodh maidir le scagadh agus clárú éigeantach aispeiste i bhfoirgnimh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé am an aispeist a chlárú agus is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le scagadh aispeiste i gcás easpa faisnéise, rud a mbeadh súil leis nach mbeadh sé riachtanach nuair a chuirfear an reachtaíocht nua chun feidhme.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 11 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Bunóidh na Ballstáit cláir phoiblí de na hoibreoirí deimhnithe atá údaraithe an scagadh aispeiste a dhéanamh, i gcomhréir lena ndlí agus cleachtas náisiúnta.

Or. en

Réasúnú

Is díol sásaimh é an tionscnamh reachtach a fógraíodh maidir le scagadh agus clárú éigeantach aispeiste i bhfoirgnimh. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé am an aispeist a chlárú agus is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le scagadh aispeiste i gcás easpa faisnéise, rud a mbeadh súil leis nach mbeadh sé riachtanach nuair a chuirfear an reachtaíocht nua chun feidhme.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6a) In Airteagal 1(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:
I gcás gníomhaíochtaí áirithe amhail scartáil, obair bainte aispeiste, deisiú agus cothabháil, a bhfuil sé intuartha ina leith go sárófar an teorainnluach a leagtar amach in Airteagal 8 in ainneoin úsáid a bhaint as bearta coisctheacha teicniúla chun aispeist i dtiúchain aeir a theorannú, cinnfidh an fostóir na bearta a bheartófar chun cosaint na n-oibrithe a áirithiú, agus iad ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin, go háirithe na bearta seo a leanas:	***'***I gcás gníomhaíochtaí áirithe amhail scartáil, obair bainte aispeiste, deisiú agus cothabháil, a bhfuil sé intuartha ina leith go sárófar an teorainnluach a leagtar amach in Airteagal 8 in ainneoin úsáid a bhaint as ***na*** bearta coisctheacha teicniúla ***uile is féidir*** chun aispeist i dtiúchain aeir a theorannú, cinnfidh an fostóir na bearta a bheartófar chun cosaint na n-oibrithe a áirithiú, agus iad ag gabháil do na gníomhaíochtaí sin, go háirithe na bearta seo a leanas:***'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 12 de Threoir 2009/148/CE)

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 b (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 12 – mír 2 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6b) In Airteagal 12, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'Déanfar tiúchan snáithíní aispeiste san aer a thomhas tar éis na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad mhír a bheith tugtha i gcrích d'fhonn a áirithiú gur féidir le hoibrithe filleadh ar an áit oibre go sábháilte.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 12 de Threoir 2009/148/CE)

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 c (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 14 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6c) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. ***Ní mór*** inneachar na hoiliúna ***a bheith*** intuigthe go héasca ag na hoibrithe. ***Ní mór a chur*** ar a gcumas leis an inneachar sin an t-eolas agus na scileanna is gá a fháil ó thaobh coisc agus sábháilteachta de, ***go háirithe maidir*** leis ***na nithe seo a leanas:***	***'***2. ***Beidh*** inneachar na hoiliúna intuigthe go héasca ag na hoibrithe. ***Cuirfear*** ar a gcumas leis an inneachar sin an t-eolas agus na scileanna is gá a fháil ó thaobh coisc agus sábháilteachta de, ***i gcomhréir*** leis ***an dlí agus cleachtas náisiúnta is infheidhme san áit ina ndéantar an obair.';***
(a) airíonna na haispeiste agus a héifeachtaí ar an tsláinte, lena n-áirítear an éifeacht shineirgisteach a ghabhann le caitheamh tobac;	
(b) na cineálacha táirgí nó ábhar ar dócha go mbeadh aispeist iontu;	
(c) na hoibríochtaí a bhféadfadh nochtadh aispeiste a bheith mar thoradh orthu agus tábhacht na rialuithe coisctheacha chun an nochtadh a	

íoslaghdú;

(d) cleachtais oibre sábháilte, rialuithe agus trealamh cosanta;

(e) ról, rogha, roghnú, teorainneacha agus úsáid iomchuí trealaimh riospráide;

(f) nósanna imeachta éigeandála;

(g) nósanna imeachta dí-éillithe;

(h) diúscairt dramhaíola;

(i) ceanglais faireachais leighis.

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 14 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Is gné thábhachtach é ceanglais oiliúna a neartú chun na rioscaí a laghdú agus chun cur chun feidhme ceart na reachtaíochta a áirithiú. Chun machaire comhréidh a áirithiú, déantar foráil in iarscríbhinn Ia den Treoir seo maidir le híoscheanglais oiliúna, lena n-áirítear ceanglais shonracha d'oibrithe i gcuideachtaí speisialaithe bainte aispeiste.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 d (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 14 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6d) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. ***Déanfar treoirlínte praiticiúla le haghaidh oiliúint d'oibrithe bainte aispeiste a fhorbairt ar leibhéal an Chomhphobail.***	***'***3. ***Sonrófar in Iarscríbhinn Ia na híoscheanglais maidir le hinneachar, fad, eatraimh agus doiciméadacht na hoiliúna arna soláthar de bhun an Airteagail seo.'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 14 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Is gné thábhachtach é ceanglais oiliúna a neartú chun na rioscaí a laghdú agus chun cur

chun feidhme ceart na reachtaíochta a áirithiú. Chun machaire comhréidh a áirithiú, déantar foráil in iarscríbhinn Ia den Treoir seo maidir le híoscheanglais oiliúna, lena n-áirítear ceanglais shonracha d'oibrithe i gcuideachtaí speisialaithe bainte aispeiste.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 e (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 15 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6e) In Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
Sula ndéanfar scartáil nó obair bainte aispeiste, ní ***mór do ghnólachtaí fianaise a sholáthar maidir lena gcumas sa réimse sin. Suíofar an fhianaise*** i gcomhréir le ***dlíthe náisiúnta agus/nó le cleachtas náisiúnta***.	***'1. Beidh sé de cheangal ar ghnóthais a bhfuil sé i gceist acu obair scartála nó*** bainte aispeiste ***a dhéanamh***, ***sula gcuirfear tús leis an obair, cead a fháil ón údarás inniúil.*** Ní ***dhéanfaidh na húdaráis inniúla ceadanna den sórt sin a dheonú ach amháin má chuireann an gnóthas iarrthach cruthúnas ar fáil go bhfuil trealamh teicniúil úrscothach leormhaith aige le haghaidh nósanna imeachta oibre atá saor ó astaíochtaí nó,*** i ***gcás nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil go fóill, nósanna imeachta oibre a bhfuil leibhéal íseal astaíochtaí ag baint leo, i*** gcomhréir le ***ceanglais Airteagal 6, agus go bhfuil deimhnithe oiliúna acu do na hoibrithe aonair i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hIarscríbhinn Ia.'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 15 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

I bhfianaise an riosca a bhaineann le hobair scartála agus bainte aispeiste, ba cheart córas ceada in-athnuaite a bheith ag na Ballstáit uile chun a cheadú do chuideachtaí a bhfuil an inniúlacht is gá acu na hoibreacha sin a dhéanamh, agus do na cuideachtaí sin amháin.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 f (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 15 – mír 1 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6f) In Airteagal 15, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'1a. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla ceadanna a dheonú do ghnóthais ach amháin mura bhfuil aon amhras orthu maidir le hiontaofacht agus bainistíocht an ghnóthais. Féadfar na ceadanna sin a athnuachan gach 5 bliana, i gcomhréir leis an dlí agus cleachtas náisiúnta.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 15 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

I bhfianaise an riosca a bhaineann le hobair scartála agus bainte aispeiste, ba cheart córas ceada in-athnuaite a bheith ag na Ballstáit uile chun a cheadú do chuideachtaí a bhfuil an inniúlacht is gá acu na hoibreacha sin a dhéanamh, agus do na cuideachtaí sin amháin.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 g (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 15 – mír 1 b (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6g) In Airteagal 15, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'1b. Bunóidh na Ballstáit cláir phoiblí de na gnóthais ar deonaíodh ceadanna dóibh chun aispeist a bhaint de bhun mhír 1.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 15 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

I bhfianaise an riosca a bhaineann le hobair scartála agus bainte aispeiste, ba cheart córas ceada in-athnuaite a bheith ag na Ballstáit uile chun a cheadú do chuideachtaí a bhfuil an inniúlacht is gá acu na hoibreacha sin a dhéanamh, agus do na cuideachtaí sin amháin.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 h (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 16 – mír 1 – pointe c

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6h) In Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c:
(c) go ndéanfar éadaí cuí oibre nó cosanta a sholáthar d'oibrithe; go bhfanfaidh ***na héadaí*** oibre nó cosanta ***sin*** laistigh den ghnóthas; féadfar, áfach, na héadaí sin a ní i mbunaíochtaí lasmuigh den ghnóthas, ar bunaíochtaí iad atá feistithe le haghaidh an chineáil sin oibre, mura ndéanann an gnóthas féin an níochán; sa chás sin, déanfar na héadaí a iompar i gcoimeádáin dhúnta;	**'**(c) go ndéanfar éadaí cuí oibre nó cosanta a sholáthar d'oibrithe ***chomh maith le trealamh cosanta, go háirithe trealamh riospráide, atá faoi réir seiceáil oiriúnachta aonair éigeantach***; go bhfanfaidh ***éadaí*** oibre nó cosanta laistigh den ghnóthas; féadfar, áfach, na héadaí sin a ní i mbunaíochtaí lasmuigh den ghnóthas, ar bunaíochtaí iad atá feistithe le haghaidh an chineáil sin oibre, mura ndéanann an gnóthas féin an níochán; sa chás sin, déanfar na héadaí a iompar i gcoimeádáin dhúnta;**'**

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 16 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Tá sé tábhachtach oibrithe a chaitheann trealamh cosanta pearsanta amhail trealamh riospráide a chur faoi réir seiceáil éigeantach feistiúcháin chun cosaint iomchuí a áirithiú agus sosanna rialta a sholáthar d'oibrithe a chaitheann cosaint riospráide.Tá gá le nós imeachta dí-éillithe freisin chun nochtadh tánaisteach d'aispeist a sheachaint.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 i (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 16 – mír 1 – pointe c a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6i) In Airteagal 16(1), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
	'(ca) ní mór sosanna éigeantacha rialta agus do go leor ama le haghaidh scíthe a chur ar fáil d'oibrithe a chaitheann trealamh riospráide;'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 16 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Tá sé tábhachtach oibrithe a chaitheann trealamh cosanta pearsanta amhail trealamh riospráide a chur faoi réir seiceáil éigeantach feistiúcháin chun cosaint iomchuí a áirithiú agus sosanna rialta a sholáthar d'oibrithe a chaitheann cosaint riospráide.Tá gá le nós imeachta dí-éillithe freisin chun nochtadh tánaisteach d'aispeist a sheachaint.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 j (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 16 – mír 1 – pointe e

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6j) In Airteagal 16(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):
(e) go ndéanfar saoráidí oiriúnacha agus leormhaithe níocháin agus leithris a sholáthar d'oibrithe, lena n-áirítear cithfholcadáin i gcás oibríochtaí lena ngabhann mórán deannaigh;	***'***(e) go ndéanfar saoráidí oiriúnacha agus leormhaithe níocháin agus leithris a sholáthar d'oibrithe, lena n-áirítear cithfholcadáin i gcás oibríochtaí lena ngabhann mórán deannaigh***, agus go mbeidh siad faoi réir nós imeachta um dhí-éilliú éigeantach***;**'**

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 16 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Tá sé tábhachtach oibrithe a chaitheann trealamh cosanta pearsanta amhail trealamh riospráide a chur faoi réir seiceáil éigeantach feistiúcháin chun cosaint iomchuí a áirithiú agus sosanna rialta a sholáthar d'oibrithe a chaitheann cosaint riospráide. Tá gá le nós imeachta dí-éillithe freisin chun nochtadh tánaisteach d'aispeist a sheachaint.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 k (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 18b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6k) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:
	'Airteagal 18ba
	1. Faoi ... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, treoirlínte a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm na Treorach seo. Soláthrófar freagairtí earnáilsonracha leis na treoirlínte sin, i gcás inarb iomchuí.
	2. [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], cuirfidh an Coimisiún tús leis an bpróiseas comhairliúcháin chun na sileacáití snáithíneacha laistigh de raon feidhme na Treorach seo a thabhairt cothrom le dáta agus, sa chomhthéacs sin, déanfaidh sé measúnú ar áireamh ríbicíte, vinsíte, rictiríte, fluara-éidiníte nó éiriainíte. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, leasuithe riachtanacha ar an Treoir seo a

mholadh i dtogra reachtach ina dhiaidh sin.

3. Faoi ... [5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, athbhreithniú ar staid theicneolaíoch agus eolaíoch na teicneolaíochta maidir le haispeist a shainaithint, a thomhas nó rabhadh a thabhairt ina leith agus eiseoidh sé treoirlínte maidir leis na cásanna ina bhfuil teicneolaíocht nua le húsáid chun oibrithe a chosaint ar nochtadh aispeiste.'

Or. en

Réasúnú

Tá gá le hiarracht leanúnach chun na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaigin láidir amhail aispeist a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha na Treorach seo agus treoirlínte gaolmhara a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun an t-eolas eolaíoch agus na forbairtí teicniúla is déanaí a chur san áireamh. Leis an athrú modheolaíochta ó Mhicreascópacht Paschodarsnachta go Micreascópacht Leictreoin Tarchurtha, d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla snáithíní agus d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an deis na sileacáití snáithíneacha a thabhairt cothrom le dáta laistigh de raon feidhme na Treorach seo, más iomchuí.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 21 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7a) In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
Coinneoidh na Ballstáit clár de ***chásanna*** aitheanta ***aispeastóise agus méisitéilióma***.	***"1.*** Coinneoidh na Ballstáit clár de ***na cásanna*** aitheanta ***de ghalair cheirde a bhaineann leis an aispeist***. ***Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 liosta táscach de ghalair ar féidir nochtadh d'aispeist a bheith ina chúis leo.'***

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 21 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Moltar nuashonrú a dhéanamh, in Iarscríbhinn 1, ar liosta na ngalar a léiríonn an t-eolas atá ann faoi láthair go bhféadfaidís eascairt as nochtadh do shnáithíní aispeiste. Gan an bonn a bhaint d'inniúlachtaí náisiúnta a mhéid a bhaineann le cúiteamh as galair cheirde, nuair a léirítear go bhfuil nasc idir galar agus nochtadh ceirde d'aispeist, ba cheart an fhaisnéis a úsáid chun cláir staidrimh a chothú chun faireachán eipidéimeolaíochta níos fearr a áirithiú agus chun éifeachtúlacht reachtaíocht an Chomhphobail maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair a mheas ar deireadh.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 b (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 21 – mír 1 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7b) In Airteagal 21, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'1a. Ní bheidh an téarma 'cásanna aitheanta' dá dtagraítear i mír 1 teoranta do chásanna a ndeonaítear cúiteamh ina leith, ach déanfaidh sé tagairt do na cásanna uile de ghalair a bhaineann leis an aispeist agus atá diagnóisithe ó thaobh leighis de.'

Or. en

(Féach foclaíocht Airteagal 21 de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Moltar nuashonrú a dhéanamh, in Iarscríbhinn 1, ar liosta na ngalar a léiríonn an t-eolas atá ann faoi láthair go bhféadfaidís eascairt as nochtadh d'aispeist. Gan an bonn a bhaint d'inniúlachtaí náisiúnta a mhéid a bhaineann le cúiteamh as galair cheirde, nuair a léirítear go bhfuil nasc idir galar agus nochtadh ceirde d'aispeist, ba cheart an fhaisnéis a úsáid chun cláir staidrimh a chothú chun faireachán eipidéimeolaíochta níos fearr a áirithiú agus chun éifeachtúlacht reachtaíocht an Chomhphobail maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair a mheas ar deireadh.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 c (nua)
Treoir 2009/148/CE
Airteagal 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7c) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:
	'Airteagal 21a
	I gcás dóiteáin, déanfar faisnéis atá ann cheana, lena n-áirítear faisnéis ó chláir ábhartha, maidir le láithreacht agus suíomh aispeiste a chur ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin agus do na seirbhísí éigeandála.'

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 d (nua)
Treoir 2009/148/CE
Iarscríbhinn I – pointe 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7d) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:
1. Tugann an t-eolas reatha le fios go bhféadfadh nochtadh do shaorshnáithíní aispeiste a bheith ina chúis leis na galair seo a leanas:	1. Tugann an t-eolas reatha le fios go bhféadfadh nochtadh do shaorshnáithíní aispeiste a bheith ina chúis leis na galair seo a leanas:
— aispeastóis,	— aispeastóis,
— méisitéilióma,	— méisitéilióma,
— carcanóma broinceach,	— carcanóma broinceach,
— carcanóma gastraistéigeach**.**	— carcanóma gastraistéigeach**,**
	— carcanóma larainge,

— carcinóma ubhagáin,

— galair phleoracha neamhurchóideacha.

1a. Thug an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse faoi deara na ceangail dheimhneacha idir nochtadh aispeiste agus na galair seo a leanas:

— ailse fharaingeach,

— ailse cholaireicteach,

— ailse ghoile.'

Or. en

(Féach foclaíocht Iarscríbhinn I de Threoir 2009/148/CE)

Réasúnú

Tá na nithe breise bunaithe ar thuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus ar mhonagraf ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 e (nua)
Treoir 2009/148/CE
Iarscríbhinn I a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7e) Cuirtear an iarscríbhinn seo a leanas isteach:
	'IARSCRÍBHINN Ia
	CEANGLAIS ÍOSTA MAIDIR LE hOILIÚINT,
	Oibrithe a nochtfar, nó ar dócha go nochtfar iad, do dheannach ó aispeist nó ó ábhair a bhfuil aispeist iontu, cuirfear oiliúint éigeantach orthu, lena gcuimseofar na híoscheanglais seo a leanas ar a laghad:
	1. Soláthrófar an oiliúint ag tús caidrimh fostaíochta agus ag eatraimh

nach faide ná ceithre bliana.

2. Mairfidh gach cúrsa oiliúna ar feadh trí lá oibre ar a laghad.

3. Is teagascóir a mbeidh a cháilíocht aitheanta ag údarás náisiúnta nó ag institiúid dheimhnithe i gcomhréir leis an dlí agus cleachtas náisiúnta a chuirfidh an oiliúint ar fáil.

4. Gheobhaidh gach oibrí a d'fhreastail ar oiliúint ar bhealach sásúil agus ar éirigh leis sa tástáil riachtanach deimhniú oiliúna ina luafar na nithe seo uile a leanas:

(a) dátaí na hoiliúna;

(b) ré na hoiliúna;

(c) inneachar na hoiliúna;

(d) teanga na hoiliúna;

(e) ainm, cáilíocht agus sonraí teagmhála an teagascóra nó na hinstitiúide a sholáthair an oiliúint.

5. Oibrithe a nochtfa nó ar dócha go nochtfar iad do dheannach ó aispeist nó ó ábhair a bhfuil aispeist iontu, cuirfear, ar a laghad, an oiliúint seo a leanas orthu, ar oiliúint í lena ngabhfaidh páirt theoiriciúil agus páirt phraiticiúil maidir leis na nithe seo uile a leanas:

(a) an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina ndéantar an obair;

(b) airíonna na haispeiste agus a héifeachtaí ar an tsláinte, lena n-áirítear an éifeacht shineirgisteach a ghabhann le caitheamh tobac, chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le nochtadh tánaisteach agus comhshaoil;

(c) na cineálacha táirgí nó ábhar ar dócha go mbeadh aispeist iontu;

(d) na hoibríochtaí a bhféadfadh nochtadh aispeiste a bheith mar thoradh orthu agus tábhacht na rialuithe coisctheacha chun an nochtadh a íoslaghdú;

(e) cleachtais oibre shábháilte, lena n-áirítear ullmhú san ionad oibre, roghnú modhanna oibre agus cur i bhfeidhm oibre a phleanáil, aeráil, eastóscadh pointe, tomhas agus rialú, agus sosanna rialta;

(f) ról, rogha, roghnú, teorainneacha agus úsáid iomchuí trealaimh riospráide, agus aird ar leith á tabhairt ar threalamh riospráide;

(g) nósanna imeachta éigeandála;

(h) nósanna imeachta dí-éillithe;

(i) diúscairt dramhaíola;

(j) ceanglais faireachais leighis.

Déanfar an oiliúint a oiriúnú chomh gar agus is féidir do shaintréithe na gairme agus do na cúraimí sonracha agus na modhanna oibre a bhaineann léi.

6. Beidh sé de cheangal ar oibrithe a ghabhann d'obair scartála nó bainte aispeiste oiliúint a fháil, sa bhreis ar an oiliúint dá bhforáiltear de bhun mhír 4, maidir leis an dá cheann díobh seo a leanas:

(a) úsáid trealaimh agus meaisíní teicneolaíochta chun scaoileadh agus leathadh snáithíní aispeiste a shrianadh le linn na bpróiseas oibre, i gcomhréir leis an Treoir seo;

(b) na teicneolaíochtaí agus na meaisíní is nuaí atá ar fáil le haghaidh nósanna imeachta oibre atá saor ó astaíochtaí nó, i gcás nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil go fóill, nósanna imeachta oibre a bhfuil leibhéal íseal astaíochtaí ag baint leo, chun scaoileadh agus leathadh snáithíní aispeiste a shrianadh.

Or. en

Réasúnú

Chun machaire comhréidh a áirithiú, déantar foráil san iarscríbhinn nua seo maidir le híoscheanglais oiliúna i dtaobh gnéithe ginearálta den oiliúint, lena n-áirítear ceanglais

shonracha d'oibrithe i gcuideachtaí speisialaithe bainte aispeiste. Is tábhachtach í an oiliúint chun cur i bhfeidhm praiticiúil ar an láthair a áirithiú. Ba cheart na híoscheanglais ghinearálta éigeantacha sin a bheith faoi réir treoirlínte praiticiúla a nuashonraítear go rialta.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 1, pointe 4, a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach.
	Sula mbeidh na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin tugtha i bhfeidhm acu i gcomhréir leis an mír seo, déanfaidh na Ballstáit comhaireamh snáithíní trí mhicreascópacht phaschodarsnachta, i gcomhréir leis an modh a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte in 1997, nó, i gcás inar féidir, trí aon mhodh eile a mbíonn torthaí coibhéiseacha nó torthaí níos fearr air.
	Or. en

Réasúnú

Ionas go mbeidh dóthain ama ann an ceanglas nua maidir le húsáid Micreascópachta Leictreoin Tarchurtha a chomhlíonadh, is iomchuí go ndéanfaí idirthréimhse 3 bliana a chur ar fáil. Le linn na hidirthréimhse sin, is féidir PCM a úsáid fós.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is í an aispeist an phríomhchúis le hailsí ceirde. Cuireadh toirmeasc ar an tsubstaint sin ar leibhéal na hEorpa in 2005 ach is ann di fós i gcuid mhór foirgneamh agus bonneagar, lena n-áirítear san iompar.

Leis an gComhaontú Glas, tugtar páirt don Aontas Eorpach i gclár fairsing athchóirithe foirgneamh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan a chur chun cinn ag an am céanna. Ag an am céanna, cuireann an rabharta athchóirithe sin oibrithe i mbaol méadaithe a mhéid a bhaineann le hailse cheirde. Dá bhrí sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa, trí thromlach mór, go dtabharfaí isteach straitéis Eorpach thrasearnálach, lena n-áirítear beartais tithíochta, bainistithe dramhaíola agus cosanta sláinte ceirde.

I mí Mheán Fómhair 2022, i ndiaidh na tuarascála ó Pharlaimint na hEorpa, mhol an Coimisiún i dteachtaireacht dar teideal *Working towards an asbestos-free future* [Oibriú i dtreo todhchaí atá saor ó aispeist], straitéis ina gcuimsítear bearta chun feabhas a chur ar dhiagnóisiú agus cóireáil galar arb í an aispeist is cúis leo, ar bhainistiú dramhaíola aispeiste, agus ar scagadh agus baint shábháilte na substainte sin. Is maith an chéad chéim í an straitéis seo.

Is é an t-athbhreithniú ar an treoir maidir le haispeist ag an obair an chéad reachtaíocht den straitéis sin. Baineann príomhthograí an Choimisiúin leis an modheolaíocht chun snáithíní a chomhaireamh agus leis an teorainn nochta ceirde.

Modheolaíocht

Tá modheolaíocht (micreascópacht paschodarsnachta) in úsáid ag formhór na mBallstát faoi láthair, ar modheolaíocht í atá molta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Meastar go forleathan, áfach, go bhfuil an mhodheolaíocht sin as dáta de bharr teorainneacha.

- **Is é an chéad bhacainn ná an teorainn braite.** Ionas go mbeidh teorainnluach ina réaltacht inláimhsithe, tá sé ríthábhachtach go mbeadh na modhanna ann chun a chur i bhfeidhm a rialú. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an teorainn braite a bheith níos ísle ná an teorainnluach sainithe.

- **Baineann an dara ceann leis an teorainn infheictheachta.** Plé ríthábhachtach is ea uaschainníocht aispeiste nach bhfuil le sárú a shocrú, ach is réamhriachtanas é teacht ar chomhaontú maidir lena gclúdaítear leis na téarmaí 'snáithíní atá le comhaireamh'. Ní dhéantar foráil sa reachtaíocht maidir le trastomhas nach n-áirítear na snáithíní faoina bhun. Go praiticiúil, tá an teorainn sin leagtha síos ag a bhfuil inbhraite faoin micreascóp. Le micreascópacht paschodarsnachta, eisiatar *de facto* snáithíní ar lú a dtrastomhas ná 0.2 micriméadar.

- **An tríú constaic is ea nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir nádúr an deannaigh** (más snáithíní aispeiste atá ann nó nach ea, agus cén cineál aispeiste), agus go mbaineann iarmhairtí leis an bhféidearthacht go mb'ann d'earráidí 'bréagdhiúltacha' nó 'bréagdheimhneacha'.

Feicfear athrú suntasach ar an gcás leis an aistriú ó mhicreascópacht paschodarsnachta go teicneolaíocht níos nua-aimseartha bunaithe ar mhicreascópacht leictreoin. Ós rud é go mbeidh ar shaotharlanna iad féin a fheistiú agus oiliúint a chur ar a bhfoirne dá réir sin, moltar idirthréimhse 3 bliana.

Faoi láthair úsáidtear dhá chineál micreascópachta leictreoin:

- **Micreascópacht leictreoin scanála (ar a dtugtar 'SEM').** Leis an modheolaíocht sin, úsáidtear an OEL is ísle atá i bhfeidhm san Eoraip (0.002 snáithín/cm^3).
- **Micreascópacht leictreoin tarchurtha (ar a dtugtar 'TEM').** Is é an OEL is ísle in Eoraip ná 0.01 snáithín/cm^3 agus an modh seo in úsáid.

I bhfianaise an OEL an-íseal atá i bhfeidhm cheana féin i mBallstát ina n-úsáidtear micreascópacht leictreoin scanála, tá an chuma air gur soiléir iad buntáistí na rogha seo. Mar sin féin, nuair a úsáidtear í chun faireachán a dhéanamh ar nochtadh ceirde, ní féidir snáithíní chomh tanaí céanna a bhrath léi agus is féidir a bhrath le micreascópacht leictreoin tarchurtha (lenar féidir snáithíní a bhfuil trastomhas de thart ar 0.01 μm acu a bhrath).

Ní haon mhionsonra í an cheist seo. **Is carcanaigineach iad snáithíní tanaí aispeiste freisin**. Mar thoradh ar an moladh ó Choiste na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán um Measúnú Rioscaí, ní mór na snáithíní tanaí sin a chur san áireamh. Tá iarmhairt nádúrtha aige sin ar líon na snáithíní a chomhairtear agus dá bhrí sin ar an OEL.

Ós rud é nach bhfuil aon chúis bhailí ann ó thaobh na heolaíochta de chun snáithíní tanaí aispeiste a eisiamh, moltar sa tuarascáil, dá bhrí sin, micreascópacht leictreoin tarchurtha a ghlacadh mar an modh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh OEL. Ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit agus an bealach a réiteach dóibh san aistriú sin, go háirithe trí threoirlínte a fhorbairt agus trí fhaisnéis a sholáthar maidir le cistí ábhartha de chuid an Aontais is féidir a úsáid chun na críche sin.

<u>Teorainn Nochta Ceirde (OEL)</u>

Moltar sa tuarascáil, mar chéad chéim, an OEL a roinnt ar 10 agus, dá bhrí sin dul, gan idirthréimhse, ó 0.1 snáithín/cm³ go 0.01 snáithín/cm³.

Mar thoradh ar an athrú modheolaíochta go micreascópacht leictreoin tarchurtha, tar éis idirthréimhse 3 bliana, déanfar athneartú suntasach breise ar chosaint oibrithe, ag OEL leanúnach, ós rud é go ndéanfar níos mó snáithíní a chomhaireamh.

Má táthar le bheith cúramach leis na cóimheasa idir dhá mhodh, agus má bhíonn siad ag brath ar fhachtóirí a bhaineann le cúinsí an nochta (nasctha leis an áit ina ndéantar an obair), glactar leis go ginearálta **gur féidir le micreascópacht leictreoin idir 2 agus 4 oiread níos mó snáithíní a chomhaireamh ná micreascópacht paschodarsnachta, agus an comhaireamh á theorannú go snáithíní a bhfuil leithid acu is féidir a bhrath freisin le micreascópacht paschodarsnachta** (dá bhrí sin snáithíní níos tibhe ná 0.2 μm). **Measadh i staidéar a rinneadh le déanaí gurbh é 15 an meánchóimheas agus na snáithíní tanaí, atá inbhraite trí mhicreascópacht leictreoin tarchurtha** (lenar féidir snáithíní a bhfuil trastomhas de thart

ar 0.01 µm acu a fheiceáil), **á gcur san áireamh[3].**

I gcomparáid leis an staid reatha (0.1 snáithín/cm³ arna thomhas le micreascópacht paschodarsnachta), **d'fhágfadh OEL 0.01 snáithín/cm³ arna thomhas trí mhicreascópacht leictreoin tarchurtha go dtiocfadh laghdú thart ar 150 ar an nochtadh.** Ós rud é gurb ionann íogaireacht anailíseach na teicníce seo agus 0.001 snáithín/cm³,[4] beifear in ann méid chomh beag le 10 % den OEL a thomhas chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta.

Mar sin féin, níor cheart OEL a mheascadh le sprioc. Is carcanaigin neamhthairsí í an aispeist. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar fhostóirí **an nochtadh a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir.** Níorbh ionann teorainn a leagan síos agus baint amach na tairsí sin a spreagadh i gcás ar bith.

Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun an riosca a bhaineann le nochtadh do charcanaigin chumhachtach neamhthairsí amhail an aispeist a laghdú. Dá bhrí sin, 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na treorach seo, déanfaidh an Coimisiún measúnú, ar bhonn na taithí a fuarthas agus ar bhonn an dul chun cinn theicniúil a bheidh déanta, ar a indéanta atá sé OEL a laghdú tuilleadh, ag díriú ar 0.001 snáithín/cm³, agus togra reachtach á thíolacadh chuige sin.

Moltar sa tuarascáil, atá le gabháil leis an athbhreithniú ar an treoir, na go ndéanfaí na bearta is infheidhme a shonrú chun leathadh deannaigh san aer a chosc agus chun a áirithiú go mbeidh trealamh cosanta pearsanta faoi réir seiceálacha oiriúnachta aonair éigeantacha. Cuideoidh na bearta praiticiúla sin leis an OEL athbhreithnithe a chomhlíonadh agus is aistriúchán loighciúil iad ar an bhfíoras nach mór an nochtadh a laghdú go dtí an leibhéal is ísle is féidir go teicniúil.

Ina theannta sin, tá sé beartaithe a shonrú gur cheart na samplálacha a dhéanamh ar bhealach a bheidh ionadaíoch ar fhíornochtadh oibrithe, agus chun céimeanna oibríochtúla éagsúla na n-oibreacha a chur san áireamh.

Moltar tuilleadh athruithe a dhéanamh ar an Treoir maidir le hAispeist ag an Obair, ar athruithe iad lena léirítear éilimh Pharlaimint na hEorpa a cuireadh in iúl sa rún uaithi in 2021.

Fiú dá ndéanfadh an t-athbhreithniú atá beartaithe cosaint oibrithe a mhéadú faoi fhachtóir de thart ar 150, rud atá suntasach, ní leor díriú ar an OEL amháin. Réamhriachtanas is ea seiceáil a dhéanamh, roimh an obair, an ann nó nach ann d'aispeist laistigh de raon feidhme na hoibre

[3] EYPERT-BLAISON, C., CLERC, F., ROMERO-HARIOT, A. & VINCENT, R. 2018a. *Notes techniques 252. Amiante dans l'air des lieux de travail : pertinence de l'analyse par microscopie électronique à transmission analytique (meta)* [Nótaí teicniúla 252. Aispeist san aer in áiteanna oibre: ábharthacht anailíse le micreascópacht leictreoin tarchurtha (meta)], Páras, INRS.
EYPERT-BLAISON, C., ROMERO-HARIOT, A., CLERC, F. & VINCENT, R. 2018b. *Assessment of occupational exposure to asbestos fibers: Contribution of analytical transmission electron microscopy analysis and comparison with phase-contrast microscopy* [Measúnú ar nochtadh ceirde do shnáithíní aispeiste: Rannchuidiú anailíse anailísí ar mhicreascópacht leictreoin tarchurtha agus comparáid le micreascópacht paschodarsnachta]. J Occup Environ Hyg, 15, 263-274.
[4] foinse: TNO 2021 R12180

atá beartaithe. Cé gur dea-scéala é an fógra ón gCoimisiún faoi reachtaíocht amach anseo maidir le scagadh agus clárú aispeiste i bhfoirgnimh, níor foilsíodh inneachar togra den sórt sin go fóill. Gné thábhachtach chun oibrithe a chosaint is ea a bheith ar an eolas an ann d'aispeist. Sin an fáth a moltar sa tuarascáil clásal a chur isteach lena bhforáiltear, má tá an fhaisnéis ar iarraidh nó mura bhfuil sí leordhóthanach, gur cheart d'oibreoir deimhnithe scagadh, arna chur in oiriúint do raon feidhme na hoibre, a dhéanamh, gan beann ar chineál an áitribh: foirgnimh nó bonneagair, go háirithe longa.

Moltar freisin go scriosfaí an coincheap 'an nochta fhánaigh agus ísealdéine' chun ceanglais áirithe sa treoir a tharscaoileadh. Ina ionad sin, moltar treoirlínte a fhorbairt, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, chun faisnéis phraiticiúil earnáilsonrach a sholáthar, i gcás inarb iomchuí, maidir le cur chun feidhme na treorach seo.

Moltar sa tuarascáil tosaíocht a thabhairt do bhaint ábhar ina bhfuil aispeist seachas úsáid a bhaint as teicnící malartacha, amhail imchochlú nó séalú, rud nach ndéanfadh ach baint shábháilte na haispeiste a chur siar.

Éilítear le cur i bhfeidhm cuí na reachtaíochta, ar thaobh amháin, go mbeadh cáilíochtaí iomchuí ag oibrithe agus, ar an taobh eile, go bhféadfadh na húdaráis inniúla idirghabháil a dhéanamh i gcás inar ghá. Dá bhrí sin, moltar na híoscheanglais maidir le hoiliúint agus fógra a thabhairt do na húdaráis a neartú. Leis na ceanglais bhreise sin, beifear in ann a bheith níos feasaí ar na bearta atá le déanamh le haghaidh obair a bhaineann le haispeist.

Chun nochtadh tánaisteach a sheachaint, moltar sa tuarascáil go gcuirfí nósanna imeachta um dhí-éilliú éigeantach i bhfeidhm.

Ar deireadh, agus gan an bonn a bhaint d'inniúlachtaí náisiúnta a mhéid a bhaineann le cúiteamh as galair cheirde, moltar nuashonrú a dhéanamh, in Iarscríbhinn 1 maidir le faireachas leighis, ar liosta na ngalar a léiríonn an t-eolas atá ann faoi láthair go bhféadfaidís eascairt as nochtadh do shnáithíní aispeiste. Nuair a léirítear go bhfuil nasc idir galar agus nochtadh ceirde d'aispeist, ba cheart an fhaisnéis a úsáid chun cláir staidrimh a chothú chun faireachán eipidéimeolaíochta níos iomláine a áirithiú.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú [na dréacht-tuarascála / na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í]:

Entity and/or person
European Federation of building and woodworkers
European Trade Union Institute
European Trade Union Confederation
European Federation of Public Service Unions
United Federation of Danish Workers (3F)
European Construction Industry Federation
European Building Confederation
Confédération de l'Artisanat et des Petites entreprises du Bâtiment
Fédération Française du Bâtiment
Syndicat Interprofessionnel du Diagnostic Immobilier